

Fáilteoir & Riarthóir

Deis ar Thaithí Oibre – 6 mhí

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta do dhuine cumasach i gcúrsaí riaracháin, rúnaíochta agus fáiltithe, le líofacht Ghaeilge le hoibriú in Ardoifig Údarás na Gaeltachta sna Forbacha, Co. na Gaillimhe ar feadh tréimhse 6 mhí.

Beifear ag súil go mbeidh an té a cheapfar cumasach agus muiníneach agus go mbeidh siad in ann a léiriú go bhfuil bua eagraíochtúil acu agus gur féidir leo oibriú go héifeachtach le daoine eile.

Bheadh na tréithe a leanas ag sár iarrthóir ar an bpost:

- Scil sa gcumarsáid agus in ann oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon,
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa,
- Sárscileanna riaracháin, ríomhaireachta agus tuiscint ar chúrsaí teanga agus gnó,
- Ard-chumas scileanna ríomhaireachta,
- Tuiscint leathan ar obair na heagraíochta, ar chúrsaí Gaeltachta, teanga agus fiontraíochta.

Dualgais

- An oifig fáiltithe a láimhseáil de réir riachtanas, an malartán a bhainistiú, an postas agus fiosrúcháin fóin & ríomhphoist a láimhseáil,
- Seirbhís eolais a sholáthar don phobal de réir riachtanas,
- Tacaíocht riaracháin a thabhairt, mar aon le fáiltiú roimh chuariteoirí agus cruinnithe a shocrú,
- Aon dualgas eile a leagtar síos ó am go ham.

Tá scála tuarastail €21,000 in aghaidh na bliana ag dul leis an bpost ag brath ar thaithí/cháilíochtaí. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha i nGaillimh ón 9n go dtí 5in.

Seol iarratas, mar aon le CV i nGaeilge, roimh an 4pm **Aoine, 5ú Samhain 2021** chuig foluntais@udaras.ie nó chuig:

An Feidhmeannach Acmhainní Daonna
Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe

Teil: 091 503100 **Facs:** 091 503101 **Rphost:** foluntais@udaras.ie

Is fostóir comhdhiseanna é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.